


Sceideal a ghabhann leis an gCreat Cistiúcháin

Cistiú Forbartha Acmhainne
Ardoideachais sna blianta 2022,
2025 agus 2026 (Reatha)

Sceideal 11a-2026-09



Sceideal 11a-2026-09 a ghabhann leis an gCreat Cistiúcháin

Tá feidhm ag an Sceideal seo maidir le Cistiú Forbartha Acmhainne Ardoideachais a eascraíonn as na próisis Léirithe Spéise de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas (ÚAO) a seoladh sna blianta 2022, 2025 agus 2026.

Tá an Sceideal seo ina chuid dhílis de Chreat Cistiúcháin an ÚAO. Tá feidhm ag na coinníollacha atá leagtha amach sa Sceideal seo sa bhreis ar na Coinníollacha Cistiúcháin is Infheidhme go Ginearálta atá leagtha amach sa Chreat Cistiúcháin agus tá feidhm acu i gcomhar leo. Beidh na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme maidir le gach scéim cistiúcháin agus maidir le gach clár cistiúcháin comhdhéanta de mheascán de na Coinníollacha Cistiúcháin is Infheidhme go Ginearálta, mar atá leagtha amach sa Chreat Cistiúcháin, agus den Sceideal iomchuí nó de na Sceidil iomchuí do gach Scéim Cistiúcháin aonair nó do gach Clár Cistiúcháin aonair.

Cistiú Forbartha Acmhainne Ardoideachais sna blianta 2022, 2025 agus 2026 (Reatha)


Cuspóirí na Scéime Cistiúcháin nó an Chláir Cistiúcháin

Tá soláthar an Chistiúcháin Forbartha Acmhainne Ardoideachais ag teacht leis na feidhmeanna seo a leanas de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas (an ÚAO), de réir alt 9(1)(d) d'Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022:

‘pleanáil do sholáthar ardoideachais agus moltaí a dhéanamh don Aire maidir leis an soláthar foriomlán áiteanna do mhic léinn,’

agus (f):

‘tacú le raon clár ardoideachais agus oiliúna a sholáthar arb é is aidhm dóibh freastal ar na riachtanais oideachais agus scileanna atá ag daoine aonair, ag gnólachtaí, ag fiontair, ag na gairmeacha, ag an bpobal, ag leasanna áitiúla agus ag geallsealbhóirí eile ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, lena n-áirítear na riachtanais oideachais



agus scileanna atá ag daoine i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, i mBailte Seirbhíse Gaeltachta agus i Líonraí Gaeilge, agus lasmuigh de Limistéir, de Bhailte agus de Líonraí den sórt sin, maidir leis an nGaeilge a chur chun cinn agus a úsáid,‘.

Tá sé mar aidhm le Cistiú Forbartha Acmhainne Ardoideachais cur leis an acmhainn sa chóras ardoideachais le haghaidh oiliúint atá ailínithe le ganntanais náisiúnta scileanna trí thacú le cláir nua a fhorbairt agus leis an líon áiteanna do mhic léinn ar chlár láithreacha a mhéadú ar fud disciplíní éagsúla chun freastal ar riachtanais réigiúnacha agus náisiúnta. Áiríodh leo sin:

2022

- Fiaclóireacht
- Leigheas
- Altranas agus Cnáimhseachas
- Cógaisíocht
- Tréidliacht

2025

- Cosla / Póidiatraí
- Diaitéiteach
- Eolaí Liachta
- Teiripeoir Saothair
- Fisiteiripeoir
- Teiripeoir Radaíochta
- Radagrafaí
- Oibrí Sóisialach
- Teiripeoir Urlabhra agus Teanga

2026

- Éisteolaí
- Síceolaí Cliniciúil
- Síceolaí Comhairleoireachta
- Diaitéiteach
- Síceolaí Oideachais
- Eolaí Liachta

- Teiripeoir Saothair
- Fisiteiripeoir
- Póidiatraí
- Teiripeoir Radaíochta
- Radagrafaí
- Oibrí Cúraim Shóisialaigh
- Oibrí Sóisialach
- Teiripeoir Urlabhra agus Teanga

Sainaithníodh na disciplíní thuas ar leibhéal an Rialtais chun tacú le leathnú na ngairmeacha One Health, sláinte, oideachais agus cúraim shóisialaigh i réimsí tosaíochta agus chun riachtanais náisiúnta agus réigiúnacha fórsa saothair a léiriú.

Incháilitheacht do Chistiú

Is féidir go mbeidh institiúidí ardoideachais príobháideacha agus poiblí incháilithe le haghaidh iarratas a dhéanamh ar Chistiú Forbartha Acmhainne Ardoideachais, mar atá sonraithe sa doiciméadacht ghloio iomchuí le haghaidh na bpróiseas Léirithe Spéise sna blianta 2022, 2025 agus 2026.

Tréimhse Cistiúcháin

Féadfar cistiú a sholáthar ar feadh tréimhse ocht mbliana ar a mhéad. Tá an cistiú faoi réir na Meastachán bliantúil agus faoi réir phróisis bhuiséadacha bhliantúla an Rialtais, agus ceadaítear aon leithdháiltí ar bhonn bliantúil.

Prionsabail Leithdháileacháin

Leithdháileann an ÚAO Cistiú Forbartha Acmhainne Ardoideachais trí phróisis Léirithe Spéise a seoladh sna blianta 2022, 2025 agus 2026. Is leagtha amach sa doiciméadacht ghloio iomchuí arna foilsiú ag an ÚAO atá na socruithe is infheidhme maidir le gach próiseas.


Is achoimrithe thíos atá breac-chuntas ar an gcur chuige i leith an phróisis leithdháileacháin:

- Cuireann institiúidí ardoideachais tograí Léirithe Spéise isteach lena mbreithniú.

- Déanann an ÚAO, le tacaíocht ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE), ón Roinn Sláinte (RS), agus/nó ó roinn/ranna iomchuí eile, athbhreithniú ar thograí Léirithe Spéise chun a shainaithint cé na tograí ina léirítear go bhfuil sé de chumas ag institiúid/institiúidí áiteanna breise a sholáthar laistigh den tréimhse ama shonraithe.
- Tar éis an phróisis sin, is féidir go dtabharfar líon beag cuirí amach chun tograí níos cuimsithí a chur isteach. Is féidir go mbeidh athbhreithniú ar thograí ag painéal seachtrach saineolaithe i gceist leis an dara céim sin. Is féidir go mbeidh measúnú ar thograí, a dhéanfar bunaithe ar chritéir atá leagtha amach sna Téarmaí Tagartha arna leagan síos ag an ÚAO, i gceist leis an athbhreithniú sin.
- An ÚAO, a bhfuil freagracht reachtúil air as pleanáil straitéiseach a dhéanamh ar an soláthar ardoideachais, déanfaidh sé breithniú ar roghanna inmharthana le haghaidh cláir nua a sholáthar agus ar roghanna le haghaidh cláir láithreacha a leathnú chun tacar críochnaitheach roghanna forbartha acmhainne a chinneadh lena bhreithniú ag an Rialtas. Is cinneadh críochnaitheach é an cinneadh ón ÚAO maidir leis na roghanna a chuirtear faoi bhráid an Rialtais.
- Déanfar roghanna le haghaidh an acmhainn oiliúna a eascraíonn as an bpróiseas sin a leathnú a chur faoi bhráid an Rialtais lena mbreithniú.
- I bhfianaise ganntanais náisiúnta scileanna i réimsí gairmiúla ar leith, is féidir go gcéimneofar athbhreithniú agus ceadú na dtograí.
- Tá an fháil ar shocrúcháin chliniciúla agus chleachtais ina príomhchúinse sa phróiseas ceadúcháin do ghairmeacha atá faoi réir próisis creidiúnúcháin ghairmiúil.
- Cinntear méideanna cistiúcháin trí mheasúnú a dhéanamh ar an gcistiú breise a theastaíonn chun íoc as na costais a bhaineann le háiteanna nua nó breise do mhic léinn a chruthú, mar atá mionsonraithe sa Togra Léirithe Spéise. Is mionsonraithe sa Litir Thairisceana agus san Fhoirm Ghhlactha atá costais cheadaithe agus socruithe cistiúcháin chun freastal ar na riachtanais sin.

Caiteachas Incháilithe

Soláthraítear Cistiú Forbartha Acmhainne Ardoideachais chun na gcríoch seo a leanas agus ní fhéadfar é



a úsáid ach amháin chun na gcríoch sin:

1. Tacú le háiteanna do mhic léinn a chruthú do mhic léinn ón Aontas Eorpach/ón Ríocht Aontaithe/ón Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus ón Eilvéis mar atá sonraithe sa Litir Thairisceana agus san Fhoirm Ghlactha.
2. Íoc as na costais bhreise a bhaineann le háiteanna breise do mhic léinn sna disciplíní sonraithe a fhorbairt agus a sholáthar laistigh den tréimhse ama atá mionsonraithe sa Litir Thairisceana agus san Fhoirm Ghlactha. Is faoi gach institiúid atá sé a roghnú conas a leithdháilfear cistí idir gníomhaíochtaí forbartha agus gníomhaíochtaí cur i gcrích.
3. Gan caiteachas ar chostais incháilithe a chistiú **ach amháin mar atá sonraithe sa Litir Thairisceana agus san Fhoirm Ghlactha**. Áirítear na nithe seo a leanas le caiteachas incháilithe:
 - Costais forbartha clár de chineál reatha a bhaineann le tosú nó leathnú an chláir cheadaithe agus a tabhaíodh ón gcéad bhliain den bhuiséad mar atá leagtha amach sa Litir Thairisceana agus san Fhoirm Ghlactha;
 - Costais cur i gcrích clár agus costais tacaíochta mac léinn de chineál reatha a bhaineann leis na háiteanna nua agus/nó breise do mhic léinn a cruthaíodh, ar costais iad a tabhaíodh ón gcéad bhliain den bhuiséad mar atá leagtha amach sa Litir Thairisceana agus san Fhoirm Ghlactha.
4. Soláthrófar ó leithdháileadh cistiúcháin leithleach aon chistiú caipitil a cheadófar tríd an bPróiseas Forbartha Acmhainne Ardoideachais, agus beidh sé faoi réir téarmaí agus coinníollacha ar leith mar atá leagtha amach sa Sceideal Cistiúcháin (Caipitil) a ghabhann le Cistiú Forbartha Acmhainne Ardoideachais.

Coinníollacha Eile Cistiúcháin

- Ceanglaítear ar an institiúid fógra a thabhairt don ÚAO ar bhealach tráthúil mura féidir léi na háiteanna breise do mhic léinn atá sonraithe sa Litir Thairisceana agus san Fhoirm Ghlactha a sholáthar, nó má thagann aon imthosca eile chun cinn a d'fhéadfadh difear diúltach a dhéanamh dá cumas chun gealltanais a chomhlíonadh maidir le cláir a chruthú agus/nó a leathnú.
- Féadfaidh an ÚAO tuairisciú inste agus airgeadais a iarraidh ó am go ham chun an dul chun cinn i



ndáil le cláir a chruthú agus/nó a leathnú a léiriú.

- Ní mór d'institiúidí a chinntiú go gcoimeádfar taifid mhionsonraithe maidir leis an gcaiteachas ar fad i ndáil le Cistiú Forbartha Acmhainne Ardoideachais. Ba cheart caiteachas a bhaineann le cláir a chruthú/a leathnú a bheith in-sainaitheanta agus infhíoraithe go soiléir i gcórais chuntasaíochta.
- Féadfar cistiú a bhaint, a athdháileadh nó a fhorchúiteamh de rogha an ÚAO:
 - a. Má athraíonn imthosca;
 - b. I gcás nach gcomhlíontar coinníollacha an chiste;
 - c. I gcás go meastar an caiteachas a bheith neamh-incháilithe, lena n-áirítear aon chaiteachas nach bhfuil ar áireamh sa Litir Thairisceana agus san Fhoirm Ghlachtha nó nach bhfuil ag teacht leo sin;
 - d. I gcás nach bhfuil go leor dul chun cinn déanta maidir le cláir a chruthú agus/nó a leathnú, mar atá mionsonraithe sa Litir Thairisceana agus san Fhoirm Ghlachtha;
 - e. I gcás nach gcloíonn institiúidí atá ag fáil cistiúcháin leis na ceanglais tuairiscithe arna leagan síos ag an ÚAO.
- Is féidir go mbeidh institiúidí faoi réir cuairteanna faireacháin allamuigh ag ionadaithe ón ÚAO nó ag sainchomhairleoirí seachtracha arna gconrú ag an ÚAO chun cabhrú le faireachán agus fíorú a dhéanamh ar chaiteachas, ar dhul chun cinn, agus ar thorthaí. Is féidir go n-áireofar leo sin iniúcháirí arna gceapadh ag an ÚAO.

Faisnéis Bhreise

- Beidh faisnéis atá i seilbh an ÚAO maidir le Cistiú Forbartha Acmhainne Ardoideachais faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014 (an tAcht um Shaoráil Faisnéise). Tá beartais agus nósanna imeachta maidir le rochtain ar fhaisnéis leagtha amach ar an [leathanach saorála faisnéise](#) ar shuíomh Gréasáin an ÚAO.